BHUEL! NOLLAIG 2012

© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Seal i bPáras na Fraince

Sular thosnaíos an chéim sna hEalaíona, bhí a fhios agamsa go rabhas chun dul leis an múinteoireacht agus go mbeinn ag gabháilt don Ghaeilge is don bhFraincis. Bhíos cinnte leis go raghainn chun na Fraince ar feadh bliana ar *Erasmus*. Níor rogha a bhí ann ar chor ar bith domsa. Níor cheart céim a bheith ag duine i dteanga nach bhfuil tréimhse caite aige nó aici i dtír ina labhraítear í mar phríomhtheanga, dar liom, ach sin scéal eile, is dócha. Níor cheapas go raghainn go Páras na Fraince ach oiread, go háirithe, toisc go raibh sé feiscithe agam trí huaire cheana féin. Ní fhéadfainn saol i gcathair mhór dhomhanda a shamhlú dom féin, ach i ndeireadh na dála, roghnaíos a leithéid. Taithí mhaith a bheadh ann, a dúras liom fhéinig, ach bhí mo chairde agus mo theaghlach ag súil go dtiocfadh athrú aigne orm. Cheapadar go mbeadh sé róchostasach agus go mbeadh sé níos fearr domhsa bheith ag maireachtaint i gcuid den bhFrainc ná raibh feiscithe agam roimhe sin ach b'shin an rogha a dheineas. Chuas i gcoinne a dtola agus is maith an rud gur dhein!

Bhí sé dian nuair a chuas ann don bhliain ar fad i mí Mheán Fómhair 2011. Bhí eagla orm nuair a thógas an RER (an traein a nascann na bruachbhailte is lár na cathrach lena chéile) chun dul ón aerfort go dtí an lóistín an chéad lá. Ní raibh aithne agam ar dhuine ar bith. Bhí na mílte duine ó gach tír ar domhan i mo thimpeall. Bhí fuaimeanna ann ná raibh taithí agam orthu. Bhí teangacha ná raibh cloiste agam riamh á labhairt i ngach áit. Bhí teas ann. D'fheicfí an t-allas a bhí ag teacht amach trí mo chraiceann de dheasca na teochta airde agus bhíos an-mhíchompordach ach tháinig athrú ar an scéal san sar i bhfad.

Chuireas aithne ar mhic léinn eile, go háirithe ó Ollscoil Luimní agus duine nó beirt ó COC féin. Bhí an chéad téarma go hiontach ar fad! Théimis amach le chéile an t-am ar fad, grúpa mór mac léinn Éireannach a bhí ag freastal ar an Sorbonne Nouvelle. Is beag Fraincis a labhraíodh ach tháinig leigheas air sin i ndiaidh na Nollag. Fuaireas post i mbeár i mí Dheireadh Fómhair agus ba iontach an taithí é sin. Bhí sé in Porte Maillot, an ceantar gnó atá leathshlí idir an Arc de Triomphe agus La Défense. Níorbh áit ródheas í chun bheith ag obair inti, áfach. Bhíodh lucha sa chistin, péisteanna beaga fé na gloiní agus an rud ab fhearr liom ar fad ná buicéad ina gcuirtí oighear chun na buidéil seaimpéine a choimeád fuar do na custaiméirí. Bhaintí úsáid as an mbuicéad céanna chun na leithris a ghlanadh ag deireadh na hoíche.

Ar lean.

"CATHAIR NA SOILSE MÓRA"

B'shin an saghas bainistíochta a bhí ann ach thaitin sé liom mar sin féin. Bhíodh an lucht gnó ó La Défense ag ól ann tar éis oibre gach lá is píolótaí a bhíodh ag fanacht sna hóstáin béal dorais. Thagadh mná sráide isteach chugainn gach oíche leis 'chun a gceard a chleachtadh'! Mná ón Afraic ab ea iad don chuid ba mhó, a raibh an ilchríoch sin fágtha ina ndiaidh acu chun saol níos fearr a chruthú dóibh féin i gcathair na soilse móra.

Chuaigh ár gcairde Éireannacha abhaile i mí Eanáir ós rud é ná raibh ach téarma amháin *Erasmus* á gcaitheamh acu thar lear agus fágadh beirt againn ann: mé féin is an cara is fearr liom. Bhí dúshlán romhainn, teacht ar chairde Francacha ach ba bheag an dúshlán é, ós rud é gur thosnaigh an bheirt againn ag siúl amach le cailíní Francacha seachtain i ndiaidh a chéile. Is breá leis na Francaigh na hÉireannaigh, dar ndóigh. Bhíodh daoine ag ceannach dí dúinn. nuair a chualadar gurbh as Éirinn dúinn!

B'iontach an rud é bheith ag siúl amach le Francach mná, chaitheamar na sé mhí a bhí fágtha againn ag labhairt Fraincise lena chéile don chuid ba mhó. Ach ansin, ar ndóigh, bhí fadhb mhór romhainn; 'An bhfanfaimid le chéile?' 'Ní dóigh liom é.' Níor ghá ach praghas na dticéad, an bhliain dheiridh san ollscoil, tréimhse fhada bheith caite againn i bhfad óna chéile *is rl* a lua. Níorbh fhiú é.

Is mó rud a d'fhoghlaimíos thall sa bhFrainc, faoi na daoine, is faoin gcultúr. Chuireas snas den scoth ar mo chuid Fraincise, rud a bheadh dodhéanta mura raibh an bhliain sin caite agam ann ach is beag a d'fhoghlaimíos san ollscoil thall, caithfead a rá. Níor thaitin Paris 3, La Sorbonne Nouvelle liom in aon chor. Bhí gach rud mí-eagraithe. Thóg sé dhá lá orm chun clárú ann. Fuaireas mo 3ú agus mo 4ú rogha i gcomhair chuid mhaith de na ranganna. 'Fraincis na seachtú haoise déag' a bhí ar siúl agam don chuid ba mhó den bhliain agus níor thaitin sé liom beag ná mór.

É sin ráite, dheineas roinnt obair aistriúcháin ann agus ba iontach na teagascóirí a bhí agam do san. Seachas san, ní raibh an ollscoil go maith. Bhraitheas uaim COC ach níor mhill an taobh acadúil an bhliain orm. Bhí sé go hiontach agus dhéanfainn arís é dá mbeadh an deis agam ach ní fhillfinn ar an bhFrainc le haghaidh breis staidéir, áfach!

Caoimhín Ó Muiríosa

Ní fada uainn an Nollaig!

Liam Ó Donnchadha, mac Bhriain Uí Dhonnchadha, An tAonad Aistriúcháin, Ionad na Gaeilge Labhartha a las soilse an chrainn Nollag le déanaí.

Garmhac Anna Shaw, An Seomra Caidrimh, Adam, a las na soilse Nollag i Rinn Mhachain le déanaí i dteannta le Keith Duffy. Tá Anna thar a bheith bródúil as!

60 Soicind leis an Oifigeach Gaeilge

Ainm? Ruth Ní Riada

Aois? 20

Cad as duit? Cúil Aodha, Gaeltacht Mhúscraí, Co. Chorcaí

Cén cúrsa atá ar siúl agat? Dlí (BCL)

An rud is fearr mar gheall ar UCC?

Éiteas na hollscoile agus na daoine.

An focal Gaeilge is fearr leat? Dúchas

Des Bishop nó Daithí Ó Sé? Des Bishop

Foinse nó Gaelscéal nó an Irish Times? Gaelscéal

R na G nó Raidió Rí-Rá? R na G

www.focal.ie nó www.acmhainn.ie? focal.ie

An iomáint nó an pheil ghaelach? An iomáint, an cluiche is fearr ar domhan.

An uirlis cheoil is fearr? Na píobaí uilleann.

An ceoltóir / an t-amhránaí is fearr in Éirinn? Martin Hayes

Ainm do pheata? Peaití

Cén fáth gur chuir tú isteach ar an bpost mar Oifigeach Gaeilge?
Mheasas go dtabharfadh sé an seans dom chun an teanga a chur chun cinn go buaic mo chumais.

Cad é do mheas ar shaol na Gaeilge sa choláiste?
Tá sé ag fás an t-am go léir ach tá an-chuid oibre fós le déanamh.

Cad a dhéanfaidh tú chun saol na Gaeilge sa choláiste a fheabhsú? Níos mó ócáidí Gaoluinne a reáchtáil, na seirbhísí go léir a chuireann an ollscoil ar fáil a sholáthar tré Ghaeilge agus an teanga a spreagadh go ginearálta i measc na mac léinn.

ÁRAS UÍ THUAMA

Comhghairdeachas ó chroí le Niall Colbert a bhuaigh duais acadúil idirnáisiúnta. Bhronn an tUachtarán, Mícheál D. Ó hUiginn an duais ar Niall ag an mbronnadh i mBaile Átha Cliath ar 8 Samhain 2012. Ba é "The Waiting Game: The Human Condition of Being in Time in the Theatre of Samuel Beckett" teideal a aiste.

Ruth Ní Riada, an tOifigeach Gaeilge, Seán Bán Breathnach agus Rút Nic Ginneá, Reachtaire na Cuallachta ag Spraoi Cois Laoi ar 19 Samhain 2012.

Bhí an gabhar á róstadh ag muintir Áras Uí Thuama san Óstán Silversprings ar 19 Samhain 2012. D'oscail Seán Bán Breathnach an fhéile. Bhí oíche thar na beartaibh ag gach éinne. Comhghairdeachas le coiste na Cuallachta as oíche iontach a eagrú. Nollaig fé shéan is fé mhaise dhaoibh go léir!

Comhghairdeachas ó chroí le Méabh Ní Bhriain a bhuaigh scoláireacht ó COC dá torthaí san Ard-Teist.

Coiste Sapienti – Preasráiteas

Eisiúint: Dé hAoine 26 Deireadh Fómhair 2012.
Tús:"Tionóladh an seachtú cruinniú de chuid *Coiste Sapienti* i gColáiste na hOllscoile Corcaigh idir 21-17 Deireadh Fómhair 2012 d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an aistriúchán Gaeilge atá molta do *Missale Romanum*.
I láthair ag an gcruinniú bhí Micheál Ó Nearaigh, Ard-Easpag Thuama agus Cathaoirleach ar an gCoiste, Pilib Ó Buaidhe, Easpag Rath Bhoth, Breandán Ó Ceallaigh, Easpag Achadh Chonaire, an tOllamh Pádraig Ó Riain, Leas-Chathaoirleach, an Dr. Caitríona Ó Dochartaigh, an tAth. Mícheál Ó Loingsigh, An Moinsíneoir James O'Brien, An tUas. Brian Ó Donnchadha, agus an tAth. Joseph Briody, Rúnaí.
Rinne an Coiste tráchtaireacht ar na Paidreacha a úsáidtear ag tús an Aifrinn agus ar na Paidreacha Buíochais ag deireadh an Aifrinn. Scrúdaíodh chomh maith an chuid ba mhó de na hAifrinn Dheasghnáthacha, .i. *An Athghiniúint Chríostaí, An Cóineartú, Ola na nEaslán, An Lón Anama, Bronnadh Ord Beannaithe* agus *Aifrinn an Phósta*. Moladh an t-ardchaighdeán a bhí ar an dréachtaistriúchán Gaeilge.
Cuireadh comhbhrón in iúl don Ollamh Pádraig Ó Riain ar bhás a dheirféar Elizabeth Ryan, RIP.
Bhí an Coiste buíoch d'fhoireann Choláiste na hOllscoile Corcaigh a thug gach cúnamh don Choiste agus é i mbun cruinnithe go háirithe iad seo leanas: an tOllamh Máire Herbert, Ceann Scoile, Scoil Léann na Gaeilge, COC (Coláiste na hOllscoile Corcaigh); an Dr John Carey, Ceann Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, COC; an tOllamh Caroline Fennell agus Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta; Pól Ruiséal, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha, COC; Crónán Ó Doibhlín, Ceann na Sainbhailiúchán, Leabharlann Boole, COC; an Br Richard Hendrick OFM Cap, an tArdséiplíneach, COC. Bhí an Coiste an bhuíoch den Dr Caitríona Ó Dochartaigh agus de Bhrian Ó Donnchadha as a gcuid sárphleanála.
Tionólfar an chéad chruinniú eile den Choiste i gCnoc Mhuire i mí Eanáir 2013."
Críoch. Teagmháil: An tAth. Joseph Briody, Rúnaí, 074 9138011.

An Dr John Carey ag bronnadh leabhair ar Mhicheál Ó Nearaigh, Ard-Easpag Thuama agus Cathaoirleach ar Choiste Sapienti.

Micheál Ó Nearaigh, Ard-Easpag Thuama ag bronnadh comhartha buíochais ar an Dr Caitríona Ó Dochartaigh, Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge as an obair ar fad a dhein sí do chruinniú an Choiste san Ollscoil.

Coiste Sapienti i mbun oibre (ó chlé An Mons James O'Brien, An tAth. Micheál Ó Loingsigh, An tAth. Joseph Briody, Rúnaí, an tEaspag Pilib Ó Buaidhe, Rath Bhoth agus Pádraig Ó Riain, Ollamh Emeritus le Sean-agus Meán-Ghaeilge agus Leas-Chathaoirleach.

Buaiceanna na Bliana 2011 / 2012

D'fhreastail líon ard mac léinn ar chláir teanga Ionad na Gaeilge Labhartha i gcaitheamh na bliana. Is é an líon a bhí sa treis 1,524, líon a bhí nach mór ar aon mhéid le líon na bliana anuraidh.

Bhí 2,633 mac léinn rannpháirteach sna scéimeanna agus sna gníomhaíochtaí cultúrtha. Nuair a chuirtear gach cúrsa san áireamh, chítear gur dhein an tIonad freastal ar riachtanais teanga cheithre mhíle trí chéad mac léinn i rith na bliana. D'éirigh leis an Ionad méadú 2.5% a dhéanamh ar líon iomlán na mac léinn a ghlac páirt sna scéimeanna agus sna cúrsaí teangan i gcomparáid le líon na bliana 10/11.

D'fhreastail 2,400 duine geall leis ar na gníomhaíochtaí sin teanga a bhí faoi choimirce dhíreach Bhord na Gaeilge:

Gníomhaíocht	**Rannpháirtithe**
Clár teanga na dteaghlach foirne	25
Scéim na scol	18
Léachtaí poiblí agus Imeachtaí Eile	1,790
An Seomra Caidrimh	560
Iomlán:	**2,393**

Bhronn Meadhbh Ní Urdail agus Fiona Tattan *t/c* Bhanc na hÉireann, Gradam na Gaeilge ar Rút Nic Ginneá agus ar Fhodhla Ní Chonchúir. Ba é Banc na hÉireann a dhein urraíocht ar an gcomórtas oscailte tras-ollscoile seo.

Eagraíodh seimineáir agus cúrsaí ar leith do mhuintir na Gaeltachta i gcaitheamh na bliana i nDún Chíomháin. Ina measc bhí cúrsa do thionóntaithe tí na Comhairle Contae, cúrsa ar scileanna saoil agus cúrsa sa ríomhaireacht do leanaí bunscoile.

Deineadh uasdhátú ar threalamh agus ar throscán sheomra teagaisc an Ionaid (G01) agus sheomra ríomhaireachta 4 Ardán Ghort na mBláth. Cinntíodh naisc idirlín agus cuireadh i bhfearas ceamara cáipéisíochta ilúsáide.

Chuir an líon is mó mac léinn le fada is é sin 191 isteach ar scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta. Chuaigh timpeall céad mac léinn ar scoláireacht chun na Gaeltachta i ndeireadh báire. Is as an Ollscoil ar fad trí chéile na mic léinn seo.

Múineadh an Ghaeilge ar bhonn acadúil ar leibhéil éagsúla in Ollscoil Bochum na Gearmáine agus in Ollscoil A Coruna na Spáinne. D'fhreastail isteach is amach le céad caoga mac léinn ar na cúrsaí seo.

Eagraíodh sraith léachtaí poiblí san Ionad. Ba é téama na sraithe *"An Ghaeilge mar acmhainn ghnó agus ghairme"*. I measc na gcainteoirí bhí Pádhraic Ó Ciardha, TG4, Colm Henry, Ospidéal na Trócaire, Ian Malcolm, Gaelscéal & Comhthionól Stormont.

Múineadh dara bliain an chúrsa dioplóma nua sa Ghaeilge Fheidhmeach ar Leibhéal 7 (Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí) agus cuireadh modúl amháin de na trí cinn sa chéad bhliain ar fáil go hiomlán ar líne. Cúrsa páirtaimseartha a mhaireann dhá bhliain atá i gceist. Cuireadh cúrsa nua oíche ar fáil chomh maith i ngramadach na teanga i gcaitheamh na bliana 2011/12.

Eagraíodh i gcomhar leis an Ionad ócáid seolta an leabhair *"Seán Ó Ríordáin: Na Dánta"*. Comheagraíodh teaspántas ar shaothar an Ríordánaigh chomh maith le teaspántas mór líníochtaí le Seán Ó Flaithearta in Áras Uí Rathaille. Ba é Seán Ó Coileáin a scríobh réamhrá an leabhair agus ba é Louis de Paor a sheol. I ndeireadh na bliana bhronn an tEalaíontóir portráid úrnua dhaite den bhFile ar Leabharlannaí na hOllscoile John Fitzgerald.

Bhronn an t-ealaíontóir, Seán Ó Flaithearta, portráid úrnua dhaite den fhile, Seán Ó Ríordáin, (1916-77), ar Leabharlannaí na hOllscoile John Fitzgerald sa tSeomra Caidrimh le déanaí. Bhí Pól Ruiséal, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha ann chomh maith.

Bhí cuairteoir speisialta ag Gael-Taca le déanaí nuair a d'oscail an tUachtarán, Micheál D. Ó hUiginn *Caifé Cois Laoi* go hoifigiúil. Comhghairdeachas ó chroí libh agus guímis gach rath ar an gcaifé amach anso.

Más mian le héinne alt, léirmheas, scéilín, dán nó fógra a scríobh don chéad eagrán eile cuir do phíosa go hOifig na Gaeilge Labhartha nó cuir ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie**.** Nollaig faoi shéan is faoi mhaise dhaoibh go léir.

Comórtas

Aistrigh:

"Jingle bells, jingle bells, jingle all the way"

Dearbhán €30 (An Post) an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie nó cuir do fhreagra go hOifig na Gaeilge Labhartha faoin 18 Eanáir.

Club Gaeilge UCC

Don fhoireann
sa tSeomra Caidrimh
gach Déardaoin
13.00

Fáilte roimh gach éinne

Cúrsa Gramadaí

Ionad na Gaeilge Labhartha

Seomra: G01, ORB, UCC
Gach Aoine

Am: 12.00-13.00

Breis eolais: s.olaoi@ucc.ie

Clár Ghael-Taca

Gach Déardaoin 16.00 Raidió Campus 97.4fm
Gach Satharn 8.00 Cork FM 100.5 FM